Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2022
(OR. fr)

8447/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0126(BUD)**

FIN 475

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 |

**IARSCRÍBHINN**

2022/0126 (BUD)

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106 *bis* de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[1], agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

– glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2022 go cinntitheach an 24 Samhain 2021[2];

– thíolaic an Coimisiún togra, an 22 Aibreán 2022, ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2022;

[1] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[2] IO L 45, 24.2.2022, lch. 1.

– ní mór don Chomhairle dul ar aghaidh gan mhoill agus a seasamh maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta do 2022 a ghlacadh, seasamh a rannchuideodh leis na costais a bhaineann leis an gcéad ghlacadh agus le clárú na ndaoine a theith as an Úcráin mar thoradh ar ionsaí na Rúise ar an Úcráin a mhaoiniú sna Ballstáit. Dá bhrí sin, tá bonn cirt le foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

Rinneadh an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 a ghlacadh an 16 Bealtaine 2022.

Is féidir breathnú ar an téacs iomlán nó é a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Comhairle: http://www.consilium.europa.eu/.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Bealtaine 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*